



An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12704/25

LIMITE

IA 122
BETREG 30

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	An simpliú: Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn maidir le Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú - dul chun cinn i dtreo ualaí ar ghnólachtaí a laghdú 25 % - Plépháipéar ón Uachtaránacht

PLÉPHÁIPÉAR

Cruinniú den Chomhairle Iomaíochais

An Bhruiséil, an 29 Meán Fómhair 2025

An simpliú: Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn maidir le Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú - dul chun cinn i dtreo ualaí ar ghnólachtaí a laghdú 25 %

I nDearbhú Bhúdaipeist an 8 Samhain 2024, d'iarr na Cinn Stáit agus Rialtais go mbeadh 'réabhlóid simpliúcháin' ann chun creat rialála soiléir, simplí agus cliste a chruthú do ghnólachtaí agus chun ualaí riaracháin, rialála agus tuairiscithe a laghdú go mór. Sna conclúidí uaithi an 26 Meitheamh 2025, d'áitigh an Chomhairle Eorpach ar na comhreachtóirí leanúint de bhorradh a chur faoin gclár oibre simpliúcháin agus na pacáistí simpliúcháin a ghlacadh go pras. Sna conclúidí iarradh ar an gCoimisiún agus ar na comhreachtóirí an ró-rialáil a sheachaint agus gan ualaí riaracháin a thabhairt isteach, le linn an timthrialla beartais agus reachtaigh.

Chun ár ngnólachtaí a neartú agus iomaíochas a fheabhsú, tá gá le gníomhaíocht ó thús deireadh sa timthriall beartais: eadhon beartas agus reachtaíocht nua a fhorbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach a chur i gcrích, agus ualaí ó rialacha atá ann cheana a shimpliú nó a laghdú. Tá gealltanais tugtha ag an bhfoireann trí Uachtaránacht laghduithe fadtéarmacha agus gearrthéarmacha a dhéanamh ar an ualach. Is é an aidhm atá ann Rialáil Níos Fearr a chur i bhfeidhm trí mheasúnuithe críochnúla a dhéanamh ar thionchar na reachtaíochta, tríd an gcaibidlíocht i ndáil le tograí maidir le simpliú a chur chun cinn agus trí bhéim chomhpháirteach a choinneáil ar laghduithe ar an ualach idir an Chomhairle agus an Coimisiún. I bhfianaise an ghealltanais sin, beidh seisiún beartais ag an gComhairle Iomaíochais maidir le simpliú agus laghdú ar an ualach.

Na rialacha atá ann cheana a shimpliú agus ualaí nach bhfuil gá leo a sheachaint amach anseo

Tá sprioc leagtha síos ag an gCoimisiún ualaí riaracháin a laghdú 25 % ar a laghad do gach cuideachta agus 35 % do FBManna¹. Chun an sprioc sin a bhaint amach, ó thús mhí Mheán Fómhair 2025, tá sé phacáiste Omnibus curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún d'fhonn an t-ualach riaracháin ar ghnólachtaí a shimpliú agus a laghdú. Táthar ag súil go mbeidh coigilteas riaracháin bliantúil EUR 8.6 billiún ar a laghad mar thoradh ar na tograí sin amháin agus táthar ag súil le pacáistí breise.

Chun spriocanna laghdaithe ualaigh an Choimisiúin a bhaint amach i ndáiríre, ní leor na rialacha atá ann cheana a shimpliú. Chun é sin a fhorlónadh, tá sé fíor-riachtanach cur chun feidhme agus forfheidhmiú cuí a choinneáil ar bun chun ualaí a thugtar isteach ag na céimeanna sin den timthriall beartais a íoslaghdú. Chun tacú leis an bplé sin, déanfaidh an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Rathúnas agus Straitéis Thionsclaíoch, Stéphane Séjourné, a Thuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn maidir le Cur Chun Feidhme agus Forfheidhmiú a chur i láthair.

Ag an am céanna, tá sé ríthábhachtach gan ualaí nua nach bhfuil gá leo a thabhairt isteach ag an am céanna. Sa chomhthéacs sin, is féidir leis an gComhairle Iomaíochais ról gníomhach a ghlacadh mar an Chomhairle atá freagrach as feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó agus ar rialáil níos fearr.

I gcomhthráth leis na hiarrachtaí simpliúcháin, leantar de reachtaíocht nua — a bhfuil ualach trom ag baint léi i gcásanna áirithe — a dhréachtú. Ó na tograí a bhfuil measúnú tionchair ag gabháil leo, táthar ag súil go mbeidh idir 71 bhilliún agus 86 bhilliún euro in ualaí *bliantúla athfhillteacha* agus

¹ Eoraip níos simplí níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú, lgh. 6-7 (6198/25).

thart ar 65 bhiliún i gcostais aonuaire ó thograí reachtacha reatha atá á bplé ar fud fhoirmíochtaí na Comhairle. Tá sé tábhachtach a chur i dtábhacht go bhfuil teorainneacha ag baint leis na meastacháin sin, ós rud é go bhféadfadh measúnuithe tionchair aonair a bheith ag brath ar thoimhdí éagsúla, lena n-áirítear cásanna bunlíne, modhanna (samhlacha a spreagadh), sonraí, bearta maidir le hathruithe leasa agus tá roinnt tograí fós gan measúnuithe tionchair. D'ainneoin na dteorainneacha sin, tugann na huimhreacha forléargas éigin ar na himpleachtaí costais a bhaineann le sreabhadh rialacháin an Aontais atá ar na bacáin faoi láthair - go háirithe i bhfianaise na n-iarrachtaí chun ualaí a laghdú.

I gcás na dtograí faoin gComhairle Iomaíochais mar aon leis na measúnuithe tionchair a ghabhann leo, is ionann sin agus thart ar 4 bhiliún euro in ualaí bliantúla athfhillteacha agus thart ar 2.5 billiún i gcostais aonuaire.

Cé go bhfuil údar le go leor de na hualaí sin, ós rud é go gcuidíonn sraith aonair rialacha comhchoiteanna le bacainní ar ghnólachtaí a laghdú, cruthaíonn a n-éifeacht charnach dúshlán dár n-iomaíochas foriomlán, mar sin féin.

Iarrfaidh an Uachtaránacht ar Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin an Coimisinéir Séjourné a mhachnamh a dhéanamh ar an méid sin agus fíis an Choimisiúin amach anseo a chur i láthair laistigh de réimse beartais na Comhairle Iomaíochais.

Iarrtar ar na Ballstáit dul i mbun plé ar dhá phríomh-shaincheist:

- *Cad iad na huirlisí a chuireann ar ár gcumas an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir reachtaíocht nua riachtanach a thabhairt isteach agus ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo a sheachaint do ghnólachtaí?*
- *Cad is féidir leis an gComhairle Iomaíochais féin a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil rialacha nua iomchuí agus comhréireach le cuspóirí na reachtaíochta?*